2023/2236

9.11.2023

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 80/2023

an 28 Aibreán 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2236]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2086 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun salainn fosfáite dheasctha agus na díorthaigh a áireamh mar chatagóir d'ábhar comhpháirteach i dtáirgí leasacháin AE ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2087 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun ábhair ocsaídiúcháin theirmigh agus na díorthaigh a áireamh mar chatagóir d'ábhar comhpháirteach i dtáirgí leasacháin AE ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2088 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun ábhair phirealaithe agus ghásúcháin a áireamh mar chatagóir d'ábhar comhpháirteach i dtáirgí leasacháin AE ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 1 (Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XIV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32021 R 2086**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2086 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2021 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 120),

- **32021 R 2087**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2087 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 130),

- **32021 R 2088**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2088 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2021 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 140).'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Tharmligthe (AE) 2021/2086, (AE) 2021/2087 agus (AE) 2021/2088 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 427, 30.11.2021, lch. 120.
([2]) IO L 427, 30.11.2021, lch. 130.
([3]) IO L 427, 30.11.2021, lch. 140.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 29 Aibreán 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 77/2023 ó Chomhchoiste LEE an 28 Aibreán 2023 ([4]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Aibreán 2023.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([4]) IO L, 2023/2233,9.11.2023, ELI http://data.europa.eu/eli/2023/2233/oj.